2024/2483

3.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 129/2024

an 12 Meitheamh 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2483]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1856 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 tríd an nós imeachta chun mionsonraí na ndíorthach a rochtain chomh maith leis na socruithe teicniúla agus oibríochtúla maidir lena rochtain a shonrú a thuilleadh ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1857 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 150/2013 a mhéid a bhaineann le mionsonraí na n-iarratas ar chlárú mar stór trádála agus le haghaidh iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1858 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú ([5]), arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 102, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 ón gCoimisiún ([6]), rialachán atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 31bce (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 ón gCoimisiún):

([1]) IO L 262, 7.10.2022, lch. 1.
([2]) IO L 262, 7.10.2022, lch. 34.
([3]) IO L 262, 7.10.2022, lch. 41.
([4]) IO L 262, 7.10.2022, lch. 46.
([5]) IO L 262, 7.10.2022, lch. 68.
([6]) IO L 52, 23.2.2013, lch. 1.

'**32022 R 1855**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid (IO L 262, 7.10.2022, lch. 1).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bcg (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún):

'- **32022 R 1857**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1857 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 (IO L 262, 7.10.2022, lch. 41).'

3. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bch (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ón gCoimisiún):

'- **32022 R 1856**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1856 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 (IO L 262, 7.10.2022, lch. 34).'

4. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bcy (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1456 ón gCoimisiún):

'31bcz. **32022 R 1858**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1858 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú (IO L 262, 7.10.2022, lch. 46).

31bcza. **32022 R 1860**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú (IO L 262, 7.10.2022, lch. 68), arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 102.'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2022/1855, (AE) 2022/1856, (AE) 2022/1857 agus (AE) 2022/1858 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860, arna cheartú le IO L 304, 24.11.2022, lch. 102, san Íoslainnis agus san Ioruais, a bheidh le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 50/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 ([7]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([7]) IO L, 2024/46, 11.1.2024.